**AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA**

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2001

# LÉANN CLASAICEACH – ARDLEIBHÉAL

**(400 marc)**

DÉ CÉADAOIN, 20 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA 2.00 go dtí 5.00

- Tá ceisteanna anseo ar DHEICH dTOPAIC.

- Tá na topaicí eagraithe ina dtrí ghrúpa mar a leanas:

| | | |
|---|---|---|
| Grúpa I | : | Topaicí 1 go 4. |
| Grúpa II | : | Topaicí 5 go 7. |
| Grúpa III | : | Topaicí 8 go 10. |

- Ní mór d’iarrthóirí ceisteanna a fhreagairt faoi CHEITHRE THOPAIC mar a leanas:
  Ní mór topaic amháin a ghlacadh as **gach grúpa ar leith**, agus is féidir an ceathrú topaic a roghnú as **aon cheann** de na trí ghrúpa.

- Tá 100 marc ag dul do gach topaic.

- Tá na fótagraif, a mbíonn gá leo le ceisteanna ar Thopaicí 8 agus 10 a fhreagairt, le fáil ar pháipéar, a bhfuil **X** marcáilte air, atá ina theannta seo.

**GRÚPA 1: Topaicí 1 go 4**

**Topaic 1. An Aithin i mbun Cogaíochta.** **[100]**

Freagair **aon dá cheann** ar bith de na ceisteanna seo a leanas. (Is fiú 50 marc gach ceist):-

(i) 'An geimhreadh céanna, bhí sochraid phoiblí ag na hAithnigh, de réir an ghnáis bhliantúil a chleachtaídís, do na daoine sin ba thúisce a fuair bás sa chogadh.' (Tuicididéas, *Stair an Chogaidh Pheilipinsigh*)

(*a*) Achoimre a thabhairt ar an óráid shochraide a thug Peiricléas ar an ócáid seo. (30)

(*b*) Ón óráid seo, cén t-eolas a thugtar dúinn faoi stádas na mban i sochaí na hAithne? (10)

(*c*) Cén fáth, dar leat, a bhfuil oiread sin measa ar an óráid seo leis na céadta bliain? (10)

(ii) (*a*) Cad iad na hargóintí a bhí ag na hAithnigh agus iad ag iarraidh a áiteamh ar na Meiligh géilleadh dóibh? (20)

(*b*) Conas a rinne na Meiligh iarracht argóintí na n-Aithneach a bhréagnú? (20)

(*c*) Cén fáth, dar leat, ar roghnaigh Tuicididéas é na hargóintí seo a chur i bhfoirm agallaimh? (10)

(iii) Maidir le *Stair an Chogaidh Pheilipinsigh* le Túicididéas, déan an tuairim gurbh í an fhiontraíocht saintréith na nAithneach i rith an chogaidh agus gurbh í an t-aireachas saintréith na Spartach a phlé. (50)

(iv) Rianaigh go hachomair an pháirt a ghlac na Peirsigh sa chuid dheireanach den Chogadh Peilipinseach. (50)

---

**Topaic 2. Alastar Mór.** **[100]**

Freagair **aon dá cheann** ar bith de na ceisteanna seo a leanas. (Is fiú 50 marc gach ceist):-

(i) Nuair a rinne sé [Alastar] suas a aigne go gcaithfí cuspóir a bhaint amach, ní bhíodh leisce air dul i muinín na modhanna ba mheargánta agus ba nua-aimseartha.

Pléigh an ráiteas seo trí thagairt ar leith a dhéanamh don tslí inar éirigh le hAlastar ionaid dhaingnithe a ghabháil.

(50)

(ii) 'De réir roinnt staraithe, is mar seo a dódh an pálás go talamh, go tobann, gan mhachnamh, ach tá staraithe eile ann a mhaíonn gur d'aon ghnó a rinneadh é.' (Plutarch, *Beatha Alastair*).

(*a*) Ar bhonn a bhfuil léite agat de shaothar Arrian **agus** Plútairc, tabhair cuntas ar dhó phálás rithe na bPeirseach ag Persepolis. (35)

(*b*) Cé acu ceann de na teoiricí thuas ó shaothar Phlútairc a thugtar thuas is mó, dar leat, a bhfuil dealramh na fírinne air? Tabhair fáthanna le do fhreagra. (15)

(iii) Sa tréimhse sin i ndiaidh Chath Issus, sheol Darias dhá litir chuig Alastar.

(*a*) Sa dá litir seo, cad iad na nithe a thairg Darias do Alastar? (17)

(*b*) Rianaigh freagra Alastair ar na tairiscintí seo. (18)

(*c*) Cén t-eolas a thugann dul cainte na litreacha seo dúinn faoin mbeirt fhear a scríobh iad? (15)

(iv) Déan comparáid idir an trácht a dhéanann Arrian in *Feachtais Alastair* ar Alastar agus an trácht a dhéanann Plútarc ar Alastar ina shaothar *Beathaisnéis Alastair*. (50)

---

**Topaic 3. An Saol agus Cúrsaí Smaointeoireachta i bPoblacht Dhéanach na Róimhe. [100]**

Freagair **aon dá cheann** ar bith de na ceisteanna seo a leanas. (Is fiú 50 marc gach ceist):-

(i) File é Catullus a bhfuil mothúcháin láidre aige agus a chuireann na mothúcháin sin in iúl go fuinniúil.

Pléigh an ráiteas seo trí thagairt a dhéanamh do na dánta le Catullus ar do chúrsa. (50)

(ii) 'Déanta na fírinne, déanann an rachmas anamnacha na saoithe fiú a thástáil.' (Sallust, *Méid agus Laghdú na Róimhe*)

(*a*) Dar le Sallust, cad iad na hathruithe a thug rachmas agus an tsíocháin chuig an stát Rómhánach? (35)

(*b*) Cén fáth a gcuireann Sallust príomh-mhilleán na n-athruithe seo ar na hOptimates (uaisle)? (15)

(iii) (*a*) Rianaigh an pháirt a ghlac Cato in imeachtaí na Poblachta Déanaí. (40)

(*b*) Cad é do mheas ar charachtar Chato? (10)

(iv) I gcaitheamh a shaoil, b'fhear fiontair agus cearrbhach críochnaithe é Iúlias Caesar.

Pléigh an ráiteas seo trí thagairt a dhéanamh don ábhar dualgais atá ar do chúrsa. (50)

---

**Topaic 4. Na Staraithe Rómhánacha. [100]**

Freagair **aon dá cheann** ar bith de na ceisteanna seo a leanas. (Is fiú 50 marc gach ceist):-

(i) I dtosach réimeas Thibéiriais, d'éirigh saighdiúirí amach in aghaidh a gcuid oifigeach sna léigiúin in Pannonia agus sa Ghearmáin.

(*a*) Cad iad na gearáin agus na héilimh a bhí ag na saighdiúirí a d'éirigh amach? (30)

(*b*) Cad é do thuairim ar cé mar a láimhsigh Drusus an cheannairc in Pannonia **nó** ar cé mar a láimhsigh Germanicus an cheannairc sa Ghearmáin? (20)

(ii) Tá staidéar déanta agat ar bheathaí Ágastais, Tibéireais, Claudiais agus Néaró. Cé acu duine de na himpirí seo ab fhearr mar rialtóir, dar leat. Tabhair fáthanna le do fhreagra ar bhonn a bhfuil léite agat. (50)

(iii) Scríobh nótaí ar **aon trí cinn** acu seo a leanas:

Poppaea; Burrus; Corbulo; Britannicus. (50)

(iv) (*a*) Tabhair cuntas faoi na himeachtaí ba chúis le treascairt agus bás Mhessalina, bean Chlaudiais. (40)

(*b*) Cad é do thuairim ar iompar Chlaudiais le linn na tréimhse seo? (10)

---

**GRÚPA II: Topaicí 5 go 7**

**Topaic 5. An Drámaíocht Ghréagach. [100]**

Freagair **aon dá cheann** ar bith de na ceisteanna seo a leanas. (Is fiú 50 marc gach ceist):-

(i) An gaol idir Diníosas agus a sclábhaí Xanthias in *Froganna* le Arastofainéas a phlé. (50)

(ii) Scrúdaigh ról an Chóir in *Méidia* le hEoiripidéas. (50)

(iii) Déan carachtar Jocasta a phlé agus déan tábhacht an róil atá aici in *Éideapús Rí*, le Sófaicléas, a mheas. (50)

(iv) In *Proiméitiús faoi Laincis*, cad a deir Aescaileas faoi ghabháil agus faoi fheidhmiú na cumhachta? (50)

---

**Topaic 6. An Eipic Ársa.** **[100]**

Freagair **aon dá cheann** ar bith de na ceisteanna seo a leanas. (Is fiú 50 marc gach ceist):-

(i) Is cosúil go mbíonn Odaiséas ábalta caint a oireann a tharraingt chuige, is cuma cén ócáid a bheireann air. Is cumadóir den scoth é agus chomh maith leis sin, is fear tuisceanach é.

Déan an ráiteas seo a phlé trí thagairt don *Odaisé* le Hóiméar. (50)

(ii) An tuairim a phlé gur láidre go mór mar ghné sa *Táin* ná san *Odaisé* **nó** san *Aeinéid* í an tsnaidhm charadais idir na gaiscígh laochúla. (50)

(iii) Thug Odaiséas agus Aeinéas cuairt ar an Domhan Íochtarach.

I do thuairimse, cad iad na príomhdhifríochtaí idir an trácht a dhéanann Hóiméar ar an eachtra seo agus an trácht a dhéanann Veirgil ar an eachtra chéanna? (50)

(iv) (*a*) Scrúdaigh iompar Aeinéis i leith Dhíodó san *Aeinéid* le Veirgil. (30)

(*b*) Taispeán cé mar a chuirtear béim leis an ngangaid a bhain le tubaiste Dhíodó sa scéal. (20)

---

**Topaic 7. Scríbhneoirí na Tréimhse Ágastaí.** **[100]**

Freagair **aon dá cheann** ar bith de na ceisteanna seo a leanas. (Is fiú 50 marc gach ceist):-

(i) 'Ceann de mhórbhuanna na staire ná go gcuireann sí na ceachtanna iomadúla atá le múineadh aici ar fáil dúinn ar bhealach soiléir lonrach. Uathu seo, is féidir leis an duine múnlaí a roghnú a d'oirfeadh dó féin nó dá thír.' ( Livias, *Preafáid*)
Sna sleachta ar do chúrsa, cad iad na ceachtanna agus na múnlaí a chuireann Livias os comhair a chuid léitheoirí? (50)

(ii) Déan trácht ar cé mar a éiríonn le Veirgil scéal chomh corraitheach agus chomh dodhearmadta sin a dhéanamh de scéal Orféis agus Eurydiké. (50)

(iii) Ó na dánta ar do chúrsa, cén tuairim atá agat de charachtar Óibhid? (50)

(iv) Léiríonn filíocht Horáis dúinn gurbh fhear ríchríonna agus rístuama é.

Déan é seo a phlé trí thagairt a dhéanamh do na dánta sin de chuid Hórais atá ar do chúrsa. (50)

---

**GRÚPA III: Topaicí 8 go 10**

**Topaic 8. Ealaín agus Ailtireacht i Sochaí na Gréige.** **[100]**

Freagair **aon dá cheann** ar bith de na ceisteanna seo a leanas. (Is fiú 50 marc gach ceist):-

(i) I **bhFótagraf A** ar **Pháipéar X,** taispeántar plean de theampall Séuis ag Oilimpia.

(*a*) Cén tréimhse d'ailtireacht na Gréige lena mbaineann an teampall seo? (5)

(*b*) Cén t-ord ailtireachta inar tógadh é? (5)

(*c*) Cad iad na hábhair a úsáideadh sa tógáil? (15)

(*d*) Tabhair cuntas ar an teampall. (25)

(ii) Scrúdaigh **Fótagraf B** ar **Pháipéar X**.

(*a*) Cén suíomh a mheastar i gcoitinne atá á thaispeáint sa dealbhóireacht seo? (5)

(*b*) Cén tréimhse d'ailtireachta na Gréige lena mbaineann sé? (5)

(*c*) 'Tharla forbairt thábhachtach sa ré seo i ndéantús éadaigh.' (Richter)

Déan trácht ar an ráiteas seo trí úsáid a bhaint as **Fótagraf B** mar shampla. (20)

(*d*) Taispeáin cé mar atá éirithe leis an dealbhóir ceapachán comhtháite grúpa a chruthú. (20)

(iii) Scrúdaigh **Fótagraif C** agus **D** ar **Pháipéar X**.

(*a*) Ainmnigh an dealbhóir a dhealbhaigh an dá dhealbh seo. (5)

(*b*) Ainmnigh na dealbha **nó** mínigh cad a bhí ar siúl ag **gach** duine den bheirt ógánach. (15)

(*c*) 'Tá againn, sa dá dhealbh seo … buaicphointe an aighnis fhada ag ealaíontóirí Gréagacha chun foirm nádúraíoch a thabhairt chun foirfeachta.' (Richter). Déan tagairt do na fótagraif seo agus tú ag trácht ar ráiteas Richter. (30)

(iv) Scrúdaigh **Fótagraf E** ar **Pháipéar X**.

(*a*) Ainmnigh **gach** ceann de na múnlaí vása, marcáilte le 1 go dtí 5, a thaispeántar san fhótagraf. (20)

(*b*) Luaigh an úsáid a bhaintí as **gach** vása acu agus mínigh cé mar a dhéanadh múnla an vása an obair sin níos fusa. (30)

---

**Topaic 9. An Fealsamh sa tSochaí: Staidéar ar Shócraitéas agus ar Phlatón.** **[100]**

Freagair **aon dá cheann** ar bith de na ceisteanna seo a leanas. (Is fiú 50 marc gach ceist):-

(i) Ó na turasanna a thug Platón ar Syracusa, cén t-eolas a fhaightear faoi na deacrachtaí a bhaineann le buntuiscint na fealsúnachta a thabhairt le tuiscint do rialtóirí? Bíodh tagairt agat do *Beatha Dhíon* i do fhreagra. (50)

(ii) 'Déanann Platón cosaint ar an tuairim go sistéamach gurb é atá san oideachas ná forbairt charachtar an duine seachas sealbhú eolais agus scileanna.' (Anas, *An Phoblacht le Platón*).

(*a*) Pléigh an ráiteas seo trí thagairt a dhéanamh do *An Phoblacht* le Platón. (40)

(*b*) Cén fáth, dar leat, ar chuir Platón oiread sin béime ar an oideachas i bhforbairt charachtar an duine? (10)

(iii) (*a*) Rianaigh an 'miotas taibhseach' is mian le Sócraitéas a nglacfadh na cathróirí leis mar bhonn le haicmiú sóisialta chathróirí. (25)

(*b*) 'An Stát atá bunaithe againn, ní mór go mbeadh na ceithre súáilcí nó tréithe "cairdineálta" aige.' (Platón, *An Phoblacht*). Cad iad na ceithre súáilcí seo agus cá háit sa stát ina bhfaighfear iad? (25)

(iv) (*a*) Dar le Platón, cad iad na tréithe a mbíonn gá ag an bhFealsúnaí-Ceannaire leo? (35)

(*b*) Cé acu ceann de na tréithe seo is mó tábhacht, dar leat? Mínigh do fhreagra. (15)

---

**Topaic 10. Ealaín agus Ailtireacht na Rómhánach.** **[100]**

Freagair **aon dá cheann** ar bith de na ceisteanna seo a leanas. (Is fiú 50 marc gach ceist):-

(i) Scrúdaigh **Fótagraf F** ar **Pháipéar X**.

(*a*) Cén eachtra a thaispeántar sa phictiúr seo? (5)

(*b*) Scríobh cuntas ar an bpictiúr. (15)

(*c*) 'Ní mór eile seachas sceitse atá sa radharc plódaithe, ach léiríonn sé go gléineach an eachtra.' (Wheeler). Déan trácht ar an gcaint seo. (30)

(ii) Scrúdaigh **Fótagraf G** ar **Pháipéar X**.

'Ón taobh amuigh … ní ábhar suntais é an foirgneamh. Go deimhin, ní mó ná sásta is féidir a bheith leis an easpa réitigh idir an cholúnáid agus an cruinnteach.' (Wheeler).

(*a*) Tráchtaigh ar thuairimí Wheeler sa ráiteas thuas. (20)

(*b*) 'Ach mar fhoirgneamh (ón taobh) istigh, níl sárú an Phantheon le fáil.' (Wheeler).

Tabhair cuntas iomlán ar an taobh istigh den Phantheon. (30)

(iii) I **bhFótagraf H** ar **Pháipéar X**, taispeántar plean bhaile Palmyra (An tSiria).

(*a*) Ainmnigh na gnéithe a thaispeántar ag B, C, D, E. (16)

(*b*) Déan cur síos gairid ar dhá phríomhshráideanna Phalmyra. (20)

(*c*) ''Is é atá i bpríomhtheampall na cathrach ná … bailiúchán láidir d'eilimintí breátha clasaiceacha agus Seimiteacha: mórtheampall Bel nó Bol … atá fós go hard os cionn an bhaile." (Wheeler)

Luaigh gné shuimiúil **amháin** de chuid an teampaill seo, agus tabhair míniú gairid ar an bhfáth arbh ábhar suime duit é. (14)

(iv) I **bhFótagraf I** ar **Pháipéar X**, taispeántar plean na baislice i gCosa.

I **bhFótagraf J** ar **Pháipéar X**, taispeántar plean na baislice i bPompeii.

(*a*) I mbaile Rómhánach, cá mbíodh an bhaisleach suite de ghnáth? (5)

(*b*) Cén úsáid a bhaintí as baisleacha? (15)

(*c*) Scríobh cuntas, ar bhonn comparáideach, ar an **dá** bhaisleach a dtaispeántar a bpleananna sna fótagraif seo. (30)

---


***LEATHANACH BÁN***

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2001

LÉANN CLASAICEACH — ARDLEIBHÉAL

# PÁIPÉAR X


**A**





**B**




**C**



**D**




**E**




**F**




**G**




**H**




**I**




**J**




Baineadh Fótagraif A, B, C, D agus E as *A Handbook of Greek Art*, G. Richter, Phaidon Press, 4th Edition 1995
Baineadh Fótagraif F, G, H, I agus J as *Roman Art and Architecture*, M. Wheeler, Thames and Hudson, London 1964